HEA | An tÚdarás um Ard-Oideachas
The Higher Education Authority

# Sceideal a ghabhann leis an gCreat Cistiúcháin

## Cistiú Feidhmíochta

## Sceideal 12-2026-07

# Sceideal 12-2026-07 a ghabhann leis an gCreat Cistiúcháin

Tá an Sceideal seo ina chuid dhílis de Chreat Cistiúcháin an ÚAO. Tá feidhm ag na coinníollacha atá leagtha amach sa Sceideal seo sa bhreis ar na Coinníollacha Cistiúcháin is Infheidhme go Ginearálta atá leagtha amach sa Chreat Cistiúcháin agus tá feidhm acu i gcomhar leo.

Beidh na téarmaí agus na coinníollacha is infheidhme maidir le gach scéim cistiúcháin agus maidir le gach clár cistiúcháin comhdhéanta de mheascán de na Coinníollacha Cistiúcháin is Infheidhme go Ginearálta, mar atá leagtha amach sa Chreat Cistiúcháin, agus den Sceideal iomchuí nó de na Sceidil iomchuí do gach Scéim Cistiúcháin aonair nó do gach Clár Cistiúcháin aonair.

# Cistiú Feidhmíochta

## Cuspóirí na Scéime Cistiúcháin nó an Chláir Cistiúcháin

Is é is Cistiú Feidhmíochta ann ná sásra dearfach cistiúcháin lena dtugtar tacaíocht agus aitheantas do shárfheidhmíocht laistigh den chóras ardoideachais agus taighde. Cinneann an ÚAO na dámhachtainí ar bhonn na meastóireachta ar Chás-Staidéir ar an Measúnacht Tionchair (IACSanna) a chuirfidh institiúidí ardoideachais isteach mar chuid den phróiseas bliantúil um Idirphlé Straitéise agus Feidhmíochta.

Le Cás-Staidéir ar an Measúnacht Tionchair, tugtar deis d'institiúidí ardoideachais tuairisc a thabhairt ar an dóigh a ndearnadh tionscnamh eiseamláireach a dhearadh agus a chur i gcrích agus ar na torthaí a bhí air, ar tionscnamh é lena léirítear rannchuidiú suntasach i dtreo torthaí agus tionchair a bhaint amach i réimsí tosaíochta náisiúnta.

Féadfaidh institiúidí ardoideachais a ndámhtar cistiú dóibh trí phróiseas an Chás-Staidéir ar an Measúnacht Tionchair an dámhachtain Cistiúcháin Feidhmíochta a úsáid chun an tionscnamh láithreach a leathnú agus chun dul chun cinn a dhéanamh air nó chun tacú le tionscnaimh nua a rannchuidíonn le straitéisí agus beartais a bhaint amach, ar aon dul leis an gCreat Feidhmíochta Córais 2023–2028.

## Incháilitheacht do Chistiú

Institiúidí ardoideachais a rinne Comhaontú Feidhmíochta leis an ÚAO tar éis dóibh dul i dteagmháil leis an ÚAO, tá siad incháilithe le haghaidh Cistiú Feidhmíochta a fháil. Is iad seo a leanas na hinstitiúidí ardoideachais incháilithe:

1. Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh
2. Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
3. Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan
4. An Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta, Dún Laoghaire
5. Coláiste Mhuire gan Smál
6. Ollscoil Mhá Nuad
7. Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan
8. An Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha
9. Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt
10. Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
11. Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne: Lár Tíre, An tIarthar Láir
12. Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
13. Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
14. An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
15. Ollscoil na Gaillimhe
16. Ollscoil Luimnigh

## Tréimhse Cistiúcháin

Maireann an tréimhse cistiúcháin suas le 36 mhí ón dáta a shonraíonn an ÚAO. Féadfaidh tionscadail cheadaithe Cistiúcháin Feidhmíochta a bheith ar siúl ar feadh bliain amháin, dhá bhliain nó trí bliana ar a mhéad laistigh de thréimhse shonraithe an chláir cistiúcháin. Ba cheart tionscadail a chríochnú laistigh den tréimhse cistiúcháin agus ní mór iad a chríochnú faoi dháta deiridh an tionscadail mar atá ceadaithe ag an ÚAO. Forchúiteoidh an ÚAO aon chistiú nach mbeidh caite faoi dháta deiridh ceadaithe an tionscadail. Glacann institiúidí freagracht as ceangaltais chaiteachais a théann níos faide ná dáta deiridh ceadaithe an tionscadail.

## Prionsabail Leithdháileacháin

Leithdháileann an ÚAO Cistiú Feidhmíochta ar bhonn phróiseas bhliantúil an Chás-Staidéir ar an Measúnacht Tionchair, mar atá leagtha amach i bPaca Faisnéise an Chás-Staidéir ar an Measúnacht Tionchair. Cuireann institiúidí ardoideachais Cás-Staidéar ar an Measúnacht Tionchair isteach lena

bhreithniú le haghaidh Cistiú Feidhmíochta de réir mar a cheanglaítear leis an gCreat Feidhmíochta Córais 2023–2028.

Déanann painéal neamhspleách idirnáisiúnta saineolaithe na haighneachtaí a mheas bunaithe ar na critéir atá leagtha amach i bPaca Faisnéise an Chás-Staidéir ar an Measúnacht Tionchair.

## Caiteachas Incháilithe

1. Ní mór Cistiú Feidhmíochta a úsáid chun cistiú a dhéanamh ar thionscnaimh a rannchuidíonn le straitéisí agus beartais a bhaint amach, ar aon dul leis an gCreat Feidhmíochta Córais 2023–2028 (féach Aguisín 1 den Chreat Feidhmíochta Córais 2023–2028).

2. Féadfar Cistiú Feidhmíochta a úsáid chun dul chun cinn a dhéanamh ar thionscnaimh láithreacha nó chun na tionscnaimh sin a leathnú, nó féadfar é a úsáid chun íoc as tionscnaimh nua a rannchuidíonn le cuspóirí straitéise agus beartais náisiúnta a bhaint amach (féach Aguisín 1 den Chreat Feidhmíochta Córais 2023–2028).

3. Soláthraítear Cistiú Feidhmíochta chun tionscadail a chur i gcrích mar atá leagtha amach sa phlean tionscadail/sna pleananna tionscadail agus sa bhuiséad atá ceadaithe ag an ÚAO agus ní fhéadfar é a úsáid ach amháin chun na críche sin. Ní fhéadfaidh institiúidí ardoideachais an cistiú a úsáid ach amháin chun tacú le baint amach na dtorthaí agus na n-aschur atá sonraithe istigh ann agus ar aon dul leis an mbuiséad ceadaithe.

4. Féadfaidh institiúid ardoideachais dámhachtain Cistiúcháin Feidhmíochta a úsáid chun tacú le trí thionscadal ar leith ar a mhéad. Is é €250,000 an buiséad íosta le haghaidh tionscadail.

5. Ní fhéadfar Cistiú Feidhmíochta a úsáid ach amháin i leith costais shonracha tionscadail nach gcumhdaítear le haon chistiú deontais eile. Is iad seo a leanas na catagóirí costais incháilithe:

    - **Bainistíocht agus formhaoirseacht tionscadail**, lena n-áirítear costais riaracháin tionscadail agus costais pearsanra bainistíochta tionscadail.

    - **Gnóthaí acadúla, teagasc, oiliúint, agus gníomhaíochtaí rannpháirtithe**, lena n-áirítear ceannach amach ball foirne ó fhorbairt clár nó ó theagasc, costais oiliúna, agus costais le haghaidh gníomhaíochtaí for-rochtana rannpháirtithe amhail ceardlanna.

    - **Seirbhísí cúnta do mhic léinn/rannpháirtithe agus tacaíochtaí rochtana,** lena n-áirítear costais a bhaineann le rochtain rannpháirtithe, le seirbhísí tacaíochta breise nó le tacaíochtaí

inrochtaineachta, lena n-áirítear sainiompar, sparánachtaí do mhic léinn, teicneolaíochtaí cúnta, nó costais phearsanra.

- **Taighde,** lena n-áirítear costais taighde amhail earcaíocht, maoirseacht, stipinní PhD, taisteal, agus cothú, ach gan costais trealaimh a áireamh.
- **Cumarsáid,** lena n-áirítear costais maidir le forbairt branda nó suímh Gréasáin, na meáin dhigiteacha agus chlóite, cruthú ábhair fuaime nó físe, caidreamh poiblí agus rannpháirtíocht, cruinnithe le comhpháirtithe nó le geallsealbhóirí, agus imeachtaí chun faisnéis a scaipeadh.
- **Costais sainchóras digiteach agus TF**, lena n-áirítear síntiúis bogearraí, agus costais a bhaineann le forbairt sainchóras digiteach, lena n-áirítear costais conraitheora nó pearsanra TF.
- **Costais eile seirbhísí corparáideacha nó rialachais,** lena n-áirítear costais comhairleoireachta seachtraí, oiliúint d'fhoireann an tionscadail amhail oiliúint maidir le claontacht, agus oiliúint maidir le bainistiú deontas.
- **Trealamh beag nó mionfheistiú**, lena n-áirítear ríomhairí glúine, ríomhairí táibléid, nó trealamh beag eile, agus maisiú nó feistiú spásanna le haghaidh gníomhaíochtaí tionscadail (tá údar cuí ag teastáil).

**Costais neamh-incháilithe**

<u>Níl</u> na gníomhaíochtaí/costais seo a leanas incháilithe le haghaidh Cistiú Feidhmíochta:

- **Mórchostais chaipitil,** maidir le talamh nó foirgnimh a cheannach nó a fhorbairt go sonrach.
- **Costais chúlghabhálacha,** aon chostais a tabhaíodh sular dámhadh cistiú.
- **Caiteachas geallta tar éis an dáta deiridh nó os cionn an bhuiséid.** Ní mór na cistí uile a chaitheamh laistigh de thréimhse an tionscadail, agus beidh na hinstitiúidí freagrach as costais a bhaineann le haon cheangaltais a théann níos faide ná dáta deiridh an tionscadail (e.g., conarthaí, pá foirne, costais sparánachta, nó costais mac léinn) nó a théann thar bhuiséad ceadaithe an tionscadail.
- **Costais indíreacha,** costais a thacaíonn le cuspóirí an tionscadail ach nach gá go dtabhaítear iad don tionscadal agus, dá bhrí sin, nach féidir iad a cheangal go réidh leis an tionscadal.

Tá an ÚAO tiomanta dá chinntiú go mbainfidh na comhlachtaí a dtugann sé cistiú dóibh luach ar airgead amach agus go mbeidh cuntasacht chuí acu chun tacú le baint amach na gcuspóirí straitéise agus beartais náisiúnta. Féadfaidh an ÚAO an cistiú a chur ar sos, a bhaint, nó a athdháileadh sna cásanna seo a leanas:

a. Níl dóthain dul chun cinn déanta ar an tionscadal i gcomparáid leis an bplean tionscadail/na pleananna tionscadail agus leis an mbuiséad.
b. Níor úsáideadh na cistí faoi dháta deiridh ceadaithe an tionscadail.
c. Nár úsáideadh na cistí le haghaidh na ngníomhaíochtaí ceadaithe.
d. Ní chloítear leis na ceanglais tuairiscithe agus faireacháin.
e. Ní chomhlíontar coinníollacha an chistiúcháin.

Forchoimeádann an ÚAO an ceart chun cistiú a fhorchúiteamh i gcás go meastar nach bhfuil an caiteachas tuairiscithe incháilithe.

## Coinníollacha Eile Cistiúcháin

**Admháil**

- Scaoiltear Cistiú Feidhmíochta tar éis foirm admhála atá comhlánaithe go cuí a fháil ar ais. Tríd an bhfoirm admhála a shíniú, deimhníonn institiúidí go n-úsáidfear an Cistiú Feidhmíochta chun na gcríoch atá beartaithe agus, go háirithe, gan ceanglais eile faoi aon achtachán, cód agus/nó ciorclán eile a eisiamh, go gcomhlíonfaidh an institiúid an Ráiteas faoi Phrionsabail do Dheontaithe (Aguisín 2 de Chiorclán 13/2014 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe) a bhaineann leis an méid seo a leanas: Soiléire; Rialachas; Luach ar Airgead; agus Cothroime.

- Ba cheart a thabhairt faoi deara go nglacann an institiúid ardoideachais a bhfuil Cistiú Feidhmíochta á fáil aige freagracht iomlán as an dámhachtain ina hiomláine a bhainistiú go cuí.

**Cur isteach agus ceadú an phlean tionscadail agus an bhuiséid**

- Ceanglaítear ar institiúidí ardoideachais an teimpléad le haghaidh an Phlean Tionscadail/na bPleananna Tionscadail agus an Bhuiséid a chomhlánú, ina dtabharfaidh siad breac-chuntas ar an tionscadal/na tionscadail a n-úsáidfear an cistiú chun tacú leis/leo agus ina leagfaidh siad amach an buiséad don chistiú a dhámhfar. Léireofar go soiléir sna pleananna tionscadail an cuspóir foriomlán, na príomh-gharspriocanna, agus torthaí an tionscadail atá le cur i gcrích le tacaíocht an chistiúcháin.

- Má chistítear roinnt tionscadal leis an dámhachtain Cistiúcháin Feidhmíochta, ní mór plean a sholáthar le haghaidh gach tionscadail, agus ní mór an miondealú ar chostais ar fud na gcatagóirí costais le haghaidh na dtionscadal go léir a leagan amach sa bhuiséad.
- Ceanglaítear ar institiúidí pointe teagmhála aonair a ainmniú le haghaidh an chomhfhreagrais ar fad a bhaineann leis an dámhachtain Cistiúcháin Feidhmíochta agus leis na tionscadail.
- Ní mór don duine atá freagrach as formhaoirseacht a dhéanamh ar an dámhachtain Cistiúcháin Feidhmíochta laistigh den institiúid ardoideachais an aighneacht ina bhfuil an Plean Tionscadail/na Pleananna Tionscadail agus an Buiséad agus gach tuarascáil ar Dhul Chun Cinn agus ar Chaiteachas a chuirtear faoi bhráid an ÚAO a shíniú.

- Ceanglaítear ar an institiúid ardoideachais an plean tionscadail/na pleananna tionscadail agus an buiséad a athbhreithniú agus a shoiléiriú mar fhreagairt d'aiseolas agus ceisteanna ón ÚAO chun a chinntiú go n-úsáidfear an Cistiú Feidhmíochta le haghaidh caiteachas incháilithe agus go mbeidh creataí faireacháin agus meastóireachta atá soiléir agus láidir i bhfeidhm.

- I gcás tionscadail lena mbaineann eagraíochtaí comhpháirtíochta, ní mór comhaontú i scríbhinn roimh ré a fháil ón ÚAO in imthosca ina bhfuil sé beartaithe cuid den dámhachtain cistiúcháin a aistriú chuig eagraíocht chomhpháirtíochta chun tacú le gníomhaíochtaí an tionscadail. Ba cheart comhaontú foirmiúil a chur i bhfeidhm idir an institiúid ardoideachais agus an eagraíocht chomhpháirtíochta roimh an aistriú cistí chun a chinntiú go mbeidh socruithe cuí i bhfeidhm i ndáil le cistí tionscadail a úsáid agus le tuairisc a thabhairt orthu. Tabhair faoi deara, áfach, go mbeidh an institiúid ardoideachais a fuair na cistí ar dtús faoi dhliteanas iomlán don ÚAO fós i leith chomhlíonadh na gcoinníollacha cistiúcháin le haghaidh na gcistí go léir a fhaigheann sí, cibé acu a aistrítear iad nó nach n-aistrítear. D'áireofaí leis na socruithe sin doiciméadacht tacaíochta a choinneáil agus tuairisc a thabhairt ar dhul chun cinn agus ar chaiteachas, ach gan a bheith teoranta dóibh sin.

**Tosú an tionscadail**

- Tar éis don ÚAO ceadú foirmiúil i scríbhinn a thabhairt don phlean tionscadail agus don bhuiséad, tosóidh na tionscadail laistigh den tréimhse cistiúcháin.

**Faireachán**

- Mar is amhlaidh i gcás an chistiúcháin ar fad a dhámhann an ÚAO, beidh socruithe láidre faireacháin agus meastóireachta i bhfeidhm chun caiteachas, dul chun cinn agus torthaí a thomhas agus a chruthú agus chun tacú le cuntasacht agus le foghlaim.

- Is bunaithe ar an bplean tionscadail ceadaithe/na pleananna tionscadail ceadaithe agus ar an mbuiséad ceadaithe a bheidh an tuairisciú ar an gCistiú Feidhmíochta don ÚAO, agus úsáidfear iad chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus chun meastóireacht a dhéanamh ar thorthaí thar thréimhse an chistiúcháin, agus ceanglófar ar institiúidí ardoideachais tuairisc a thabhairt ar dhul chun cinn, ar thorthaí, agus ar chaiteachas i gcomparáid leis na garspriocanna comhaontaithe, leis na spriocanna comhaontaithe maidir le torthaí, agus leis na buiséid chomhaontaithe.

- Éilítear ar institiúidí a bhfuil Cistiú Feidhmíochta á fháil acu a chinntiú go mbeidh caiteachas sonrach tionscadail in-sainaitheanta agus infhíoraithe go soiléir i gcórais chuntasaíochta. Áireofar leis sin oibleagáidí chun na hidirbhearta uile a bhaineann leis an tionscadal a thaifeadadh go córasach, agus faireachán a dhéanamh orthu go córasach, i gcomparáid le buiséad ceadaithe an tionscadail. Ní mór d'institiúidí a chinntiú freisin go gcoimeádfar taifid mhionsonraithe maidir leis an gcaiteachas tionscadail ar fad chun críocha iniúchóireachta.

- Ní fhéadfar aon athrú ar an bplean tionscadail ceadaithe/na pleananna tionscadail ceadaithe nó ar an mbuiséad ceadaithe a dhéanamh ach amháin le húdarú roimh ré ón ÚAO.

- Mar chuid d'fhaireachán tionscadail, ceanglaítear ar institiúidí ardoideachais freagra a thabhairt ar iarrataí ar shoiléiriú nó ar fhaisnéis bhreise ón ÚAO, lena n-áirítear iad siúd atá in aiseolas ón ÚAO ar thuarascálacha a cuireadh isteach.

**Ceanglais tuairiscithe**

- Ceanglaítear ar an institiúid tuarascálacha ar dhul chun cinn agus ar chaiteachas a chur isteach i gcomparáid le pleananna tionscadail ceadaithe agus le buiséid cheadaithe, agus úsáid á baint as an teimpléad tuairiscithe atá curtha ar fáil chun na críche sin agus de réir an sceidil atá leagtha amach sa doiciméad seo.

- Ní mór an teimpléad tuarascála céanna a úsáid le haghaidh tuarascálacha eatramhacha agus deiridh ar thionscadail Cistiúcháin Feidhmíochta.

- I gcás go bhfuil roinnt tionscadal á gcistiú, ceanglaítear tuarascáil ar leith ar dhul chun cinn ar gach tionscadal laistigh den tuarascáil bhliantúil, agus ceanglaítear miondealú ar chaiteachas ar fud na gcatagóirí costais le haghaidh na dtionscadal go léir i dtuarascáil chomhdhlúite ar chaiteachas.
- Sna tuarascálacha, ceanglaítear ar institiúidí ardoideachais faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar thorthaí agus tuairisc a thabhairt orthu, agus fianaise infhíoraithe agus sonraí cainníochtúla mar thaca leo. (Féach Gluais an Chreata Feidhmíochta Córais 2023–2028 chun na mínithe ar shonraí, ar aschuir agus ar thorthaí faoin gCreat Feidhmíochta Córais a fháil.)

**Sceideal tuairiscithe**

Tá tuarascálacha ar dhul chun cinn le cur faoi bhráid an ÚAO ar bhonn bliantúil, de réir an sceidil seo a leanas:

- I gcás tionscadail a mhaireann bliain amháin:
    - Tá tuarascáil deiridh ar dhul chun cinn agus ar chaiteachas lena gcumhdaítear an tionscadal ina iomláine le cur faoi bhráid an ÚAO mí amháin tar éis dháta deiridh an tionscadail, agus úsáid á baint as an teimpléad atá curtha ar fáil.
- I gcás tionscadail a mhaireann dhá bhliain:
    - Tá tuarascáil eatramhach ar dhul chun cinn agus ar chaiteachas lena gcumhdaítear an chéad bhliain den tionscadal le cur isteach mí amháin tar éis dheireadh na chéad bhliana den tionscadal.
    - Tá an tuarascáil deiridh ar dhul chun cinn agus ar chaiteachas lena gcumhdaítear an tionscadal ina iomláine le cur isteach mí amháin tar éis dháta deiridh an tionscadail.
- I gcás tionscadail a mhaireann trí bliana:
    - Tá an chéad tuarascáil eatramhach ar dhul chun cinn agus ar chaiteachas lena gcumhdaítear an chéad bhliain den tionscadal le cur isteach mí amháin tar éis dheireadh na chéad bhliana den tionscadal.
    - Tá an dara tuarascáil eatramhach ar dhul chun cinn agus ar chaiteachas le cur isteach mí amháin tar éis dheireadh an dara bliain den tionscadal.

- Tá an tuarascáil deiridh ar dhul chun cinn agus ar chaiteachas lena gcumhdaítear an tionscadal ina iomláine le cur isteach mí amháin tar éis dháta deiridh an tionscadail.

**Modhnuithe ar an Tionscadal**

- Ceanglaítear údarú roimh ré ón ÚAO chun modhnuithe a dhéanamh ar Phlean Tionscadail agus ar an mBuiséad i leith Cistiú Feidhmíochta.
- Tá gá le modhnuithe i gcás go bhfuil athruithe suntasacha ann ar na pleananna tionscadail ceadaithe nó ar na buiséid cheadaithe:
    - Tuigtear gurb é is athrú suntasach ar bhuiséad tionscadail ann ná difríocht +/- 10 faoin gcéad in aon chatagóir costais.
    - Áirítear le hathrú suntasach ar an bplean tionscadail toradh a chur leis, a athrú nó a bhaint, athrú ar phleananna earcaíochta foirne nó mac léinn, nó moill trí mhí nó níos mó ar phríomh-gharspriocanna.
- Féadfaidh institiúidí ardoideachais modhnuithe a lorg tráth ar bith le linn thréimhse an tionscadail, agus iarrfar orthu freisin a bhreithniú an bhfuil gá le modhnuithe mar chuid den phróiseas bliantúil faireacháin agus tuairiscithe.
- I gcás go bhfuil gá le modhnuithe ar phleananna tionscadail nó ar bhuiséid, ba cheart d'institiúidí ardoideachais atá ag iarraidh athruithe a dhéanamh ar thionscadal teagmháil a dhéanamh le systemperformance@hea.ie, agus míniú á thabhairt ar na hathruithe atá beartaithe agus breac-chuntas á thabhairt ar an réasúnaíocht is bun leis na hathruithe agus ar an tionchar a bheidh acu. Ceanglaítear plean tionscadail athbhreithnithe agus buiséad athbhreithnithe, ina bhfuil na hathruithe atá beartaithe curtha in iúl go soiléir (mar shampla, trí athruithe rianta) lena n-athbhreithniú ag an ÚAO.
- Déanfaidh an ÚAO athbhreithniú ar an bhfaisnéis a cuireadh isteach chun cinneadh a dhéanamh.
- Má cheadaíonn an ÚAO iad i scríbhinn, is bunaithe ar an bplean tionscadail modhnaithe/na pleananna tionscadail modhnaithe agus ar an mbuiséad modhnaithe a bheidh an tuairisciú agus an faireachán amach anseo.

## Faisnéis Bhreise

- Ba cheart don tionscadal critéir soláthair phoiblí ghlais, mar atá leagtha amach sa Treoir um Sholáthar Poiblí Glas don Earnáil Phoiblí, a chur san áireamh agus aon tairiscintí nua á ndearadh aige agus, a mhéid is féidir, ba cheart dó cúrsaí comhshaoil i soláthar agus i gceannach, mar atá leagtha amach sa Treoir um Sholáthar Poiblí Glas don Earnáil Phoiblí agus ar aon dul le beartais agus nósanna imeachta soláthair na hinstitiúide, a chur san áireamh.
- Beidh faisnéis atá i seilbh an ÚAO maidir le Cistiú Feidhmíochta faoi réir an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014 (arna leasú) (an tAcht um Shaoráil Faisnéise). Tá beartais agus nósanna imeachta maidir le rochtain ar fhaisnéis leagtha amach ar an leathanach Saorála Faisnéise ar shuíomh Gréasáin an ÚAO.

**Aguisín 1 – Teimpléad Samplach le haghaidh Plean Tionscadail/Pleananna Tionscadail agus Buiséid ar mhaithe le tionscadail Cistiúcháin Feidhmíochta a cheadú**

# [Institiúid Ardoideachais]

## Pointe Teagmhála do Chistiú Feidhmíochta 202X

Tabhair mionsonraí an phríomhtheagmhálaí, le do thoil, le haghaidh an chomhfhreagrais ar fad a bhaineann leis an tionscadal.

| | |
|---|---|
| Ainm an phríomhtheagmhálaí | |
| Teideal an phoist | |
| Seoladh ríomhphoist | |

## Plean Tionscadail/Pleananna Tionscadail

Comhlánaigh plean tionscadail le haghaidh gach tionscadail a fhaigheann tacaíocht ó Chistiú Feidhmíochta 202X. Má tá níos mó ná tionscadal amháin ann, cóipeáil agus greamaigh codanna 1–8 thíos de réir mar is gá.

### Tionscadal [Uimh.]

#### 1. Mionsonraí an tionscadail

| | | | |
|---|---|---|---|
| Teideal an tionscadail | | | |
| Buiséad iomlán (€) | | | |
| Dáta tosaithe an tionscadail | 01/01/202X | Dáta deiridh an tionscadail | 31/12/202X |
| Cuspóir foriomlán | Sa bhosca thíos, tabhair breac-chuntas ar chuspóir foriomlán an tionscadail, agus tagairt á déanamh do na tairbhithe beartaithe agus don éifeacht dhearfach nó don tionchar dearfach a bheidh aige.<br>Uasteorainn leis an líon focal: 40 | | |
| Chun… | | | |
| Comhpháirtíochtaí | Má tá eagraíochtaí comhpháirtíochta bainteach leis an tionscadal, cuir in iúl an bhfuil sé beartaithe cuid den dámhachtain a aistriú chuig eagraíochtaí | | |

SAMPLA

| | |
|---|---|
| | comhpháirtíochta chun tacú le gníomhaíochtaí an tionscadail. |
| | Tá ☐ Níl☐ |
| | Má tá, luaigh an méid atá le haistriú. Tabhair faoi deara go bhfuil réamhúdarú ón ÚAO ag teastáil, de réir an Sceidil Cistiúcháin. |
| | € |

## 2. Ailíniú leis an gCreat Feidhmíochta Córais 2023–2028

| Roghnaigh an Colún/na Colúin ábhartha | Roghnaigh an réimse trasnaí ábhartha tionchair/na réimsí trasnaí ábhartha tionchair (trí cinn ar a mhéad). |
|---|---|
| Teagasc agus Foghlaim ☐<br>Taighde agus Nuálaíocht ☐<br>Rochtain agus Rannpháirtíocht ☐<br>Teagmháil ☐ | Roghnaigh an réimse trasnaí.<br>Roghnaigh an réimse trasnaí.<br>Roghnaigh an réimse trasnaí. |
| Liostaigh cúig cinn ar a mhéad de phríomhbheartais náisiúnta agus idirnáisiúnta agus/nó de phríomhstraitéisí náisiúnta agus idirnáisiúnta atá ábhartha don tionscnamh (féach Aguisín 1 den *Chreat Feidhmíochta Córais 2023–2028* le haghaidh liosta tagartha a fheiceáil). | |
| 1.<br>2.<br>3.<br>4.<br>5. | |

SAMPLA

## 3. Réasúnaíocht, spriocanna inghnóthaithe, agus modheolaíocht

Tabhair faisnéis faoi na nithe seo a leanas:

- an réasúnaíocht is bun leis an tionscnamh/na tionscnaimh a fhorbrófar agus a chuirfear chun feidhme tríd an tionscadal seo.
- na tairbhithe beartaithe agus an bonn fianaise don riachtanas sonrach, don dúshlán sonrach nó don deis shonrach dá bhfreagraíonn an tionscnamh.
- bunspriocanna inghnóthaithe an tionscadail, amhail cláir nua (lena n-áirítear mionsonraí faoin leibhéal ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí, an modh cur i gcrích, agus an líon mac léinn a ligtear isteach gach bliain), beartais, córais, gníomhaíochtaí rannpháirtíochta, nó idirghabhálacha.
- an mhodheolaíocht a úsáidfear chun cuspóir an tionscadail a bhaint amach, agus tagairt á déanamh d'aon nithe a foghlaimíodh, aon chleachtais, aon samhlacha, nó aon taighde a chuireann bonn eolais faoin tionscnamh.

| Uasteorainn leis an líon focal: 200 |
|---|
| [Líon focal: ] |

## 4. Cur i gcrích agus bainistíocht an tionscadail

| Tabhair breac-chuntas ar an dóigh a ndéanfar an tionscadal a chur i gcrích agus a bhainistiú, agus tagairt shonrach á déanamh do na nithe seo a leanas:<br>• struchtúir formhaoirseachta agus rialachais an tionscadail, agus tagairt á déanamh do chomhpháirtíochtaí de réir mar is gá.<br>• struchtúir bainistíochta tionscadail, lena n-áirítear aon phleananna earcaíochta (e.g., baill foirne; mic léinn iarchéime). Ní mór faisnéis faoi fhad an chonartha nó an chláir, faoin gcineál conartha (lánaimseartha/páirtaimseartha), agus faoi na costais in aghaidh na huaire nó in aghaidh na bliana a thabhairt sa tábla thíos le haghaidh gach poist a earcaítear.<br>• amlínte aon phróisis dearbhaithe cáilíochta, aon phróisis creidiúnúcháin, nó aon phróisis bailíochtúcháin.<br>Uasteorainn leis an líon focal: 250 |
|---|
| [Líon focal: ] |

| Ról | Fad | Lánaimseartha/Páirtaimseartha | Mionsonraí | Costais |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |
| | | | | |
| *Cuir tuilleadh rónna leis/bain rónna de réir mar is gá* | | | | |

SAMPLE

## 5. Garspriocanna an tionscadail

**Luaigh na príomh-gharspriocanna sa tionscadal sa tábla thíos. I gcás gach bunsprice, marcáil ráithe amháin le x.**

Is comharthaí dul chun cinn iad **garspriocanna**; d'fhéadfadh go n-áireofaí leo príomhchúram a chur i gcrích, aschur a chur i gcrích, nó leibhéal áirithe rannpháirtíochta nó rannpháirteachais a bhaint amach laistigh de thréimhse áirithe, agus d'fhéadfaí sprioc maidir le scála a shonrú leo. Mar shampla:

- Earcaíodh bainisteoir tionscadail
- Bunaíodh dhá ghrúpa oibre
- Rollaigh 25 mhac léinn i gclár nua
- Foilsíodh tuarascáil taighde
- Seoladh suíomh Gréasáin
- Cuireadh iarratas ar x isteach
- Baineadh ceadú/dámhachtain/creidiúnú amach
- Deimhníodh an chéad 100 oiliúnaí
- Óstáladh comhdháil náisiúnta
- Rinneadh 500 teagmháil uathúil le geallsealbhóirí

Toradh amháin atá ar fhaireachán a dhéanamh ar gharspriocanna agus ar a thuairisciú i dtaobh an bhfuil garspriocanna curtha i gcrích nó ar an mbóthar mícheart is ea go dtacaítear le dul chun cinn trí chabhrú le moilleanna nó bacainní a shainaithint ionas go mbeifear in ann gníomhaíocht feabhais a dhéanamh. Toradh eile atá ar thuairisciú ar gharspriocanna is ea go bhfíoraítear an bhfuil aschuir an tionscadail á gcur i gcrích.

Agus úsáid á baint as an tábla thíos, liostaigh na príomhéachtaí nó na príomh-aschuir a bheidh ina gcomharthaí dul chun cinn, agus luaigh an ráithe is déanaí in amlíne an tionscadail faoinar cheart go mbainfí amach iad/go gcuirfí i gcrích iad dá bhfanfadh an tionscadal ar an mbóthar ceart.

Chun tacú le faireachán éifeachtach ar dhul chun cinn, níor cheart ach an ráithe is déanaí faoinar cheart go mbainfí gach garsprioc amach dá bhfanfadh an tionscadal ar an mbóthar ceart a lua. Ba cheart ráithe amháin a bheith ann seachas raon agus ba cheart an ráithe ina bhfuil an dáta is déanaí faoinar cheart go mbainfí an gharsprioc amach a léiriú léi.

I gcás go dtarlaíonn garsprioc níos mó ná uair amháin — mar shampla, rolluithe bliantúla isteach ar chlár — agus i gcás go bhfuil gach tarlú ríthábhachtach don dul chun cinn, ba cheart gach ceann acu a thaifeadadh mar gharsprioc ar leith.

I gcás gach garsprice, luaigh an ról nó an post **atá freagrach** as an ngarsprioc sin a bhaint amach go tráthúil.

I gcás go mairfidh an tionscadal níos lú ná 3 bliana, scrios na colúin Bhliana de réir mar is gá.

Ba cheart 6 gharsprioc ar a laghad agus **15 gharsprioc ar a mhéad** a lua.

| | | | Bliain 1 | | | | Bliain 2 | | | | Bliain 3 | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| # | Garsprioc | An Ról atá Freagrach aisti | R1 | R2 | R3 | R4 | R1 | R2 | R3 | R4 | R1 | R2 | R3 | R4 |
| 1 | | | | | | | | | | | | | | |
| 2 | | | | | | | | | | | | | | |
| 3 | | | | | | | | | | | | | | |
| *4* | *Cuir rónna leis de réir mar is gá* | | | | | | | | | | | | | |

SAMPLE

## 6. Tábla rioscaí

| Luaigh agus aicmigh rioscaí criticiúla do do thionscadal, bunaithe ar an dóchúlacht réamh-mheasta agus ar dhéine mheasta an tionchair. Cuir isteach míniú achomair ar na bearta a dhéanfar chun faireachán a dhéanamh ar na rioscaí sin agus chun iad a mhaolú. Is féidir go mbeidh fonn ort spleáchais inmheánacha agus sheachtracha agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu sin ar dhul chun cinn agus ar chaiteachas a chur san áireamh. Cuir rónna leis / scrios rónna de réir mar is gá. | | | |
|---|---|---|---|
| **#** | **Tuairisc ar an riosca** | **Aicmiú Riosca** | **Bearta maolaithe riosca atá beartaithe** |
| **1.** | | Roghnaigh mír. | |
| **2.** | | Roghnaigh mír. | |
| **3.** | *Cuir rónna leis / scrios rónna de réir mar is gá* | Roghnaigh mír. | |

SAMPLE

## 7. Torthaí

**Agus úsáid á baint as an tábla thíos, luaigh na príomhthorthaí a bhfuil sé mar aidhm leis an tionscadal iad a fheabhsú. Ba cheart bonnlíne nó tagarmharc oiriúnach a lua le haghaidh gach toraidh, in éineacht le faisnéis faoin sásra chun an toradh a thomhas.**

**Toradh intomhaiste**

Is é is torthaí ann ná tairbhí nó éifeachtaí a ghintear le tionscnamh/tionscnaimh an tionscadail. Is é an toradh atá ar phríomhthorthaí a bhfuil faireachán le déanamh orthu a lua agus ar athruithe a thomhas le himeacht ama ná go gcuirtear ar chumas tionscadal a mheas an bhfuil gníomhartha agus gníomhaíochtaí ag obair go héifeachtach chun an cuspóir foriomlán a bhaint amach (ionas gur féidir feabhsuithe atriallacha nó coigeartuithe atriallacha a dhéanamh), agus rath foriomlán an tionscadail a mheas.

Sa tábla thíos, luaigh na príomhthorthaí ar thionscnamh/thionscnaimh an tionscadail ar féidir iad a thomhas nó a chainníochtú agus tuairisc a thabhairt orthu go bliantúil ar fud shaolré an tionscadail. Ní mór na tairbhithe a shonrú sna torthaí, de réir mar is iomchuí, agus ní mór iad a shloinneadh i dtéarmaí rátaí nó cionta. Mar shampla:

- An céatadán de mhic léinn ó spriocghrúpa X a théann ar aghaidh go dtí an dara bliain
- An méadú céatadánach ar rannpháirtíocht bhliantúil na foirne in Y
- An céatadán de rannpháirtithe a thuairiscigh méadú ó thaobh a n-eolais agus a scileanna de
- An laghdú céatadánach ar dhramhaíl earraí aonúsáide

Níor cheart aschuir ná spriocanna inghnóthaithe a chur isteach sa tábla Torthaí. Féach Gluais an Chreata Feidhmíochta Córais 2023–2028 chun na mínithe ar aschuir agus ar thorthaí faoin gCreat Feidhmíochta Córais a fháil.

**Sásra chun an toradh a thomhas**

Faoi ‘Sásra chun an toradh a thomhas’, luaigh an dóigh a dtáirgfear na sonraí chun tuairisc a thabhairt ar an toradh nó an fhoinse óna dtarraingeofar iad.

Is féidir go mbeifear in ann sásraí meastóireachta agus foinsí sonraí atá ann cheana a úsáid chun sonraí a sholáthar chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar thorthaí. Is féidir go mbeidh siad sin áitiúil (e.g., suirbhéanna bliantúla inmheánacha aiseolais arna ndéanamh ag an institiúid ardoideachais nó ag clár sonrach), náisiúnta (e.g., Gradaim Athena Swan, an Suirbhé Náisiúnta ar Mhic Léinn, nó Córas Taifead Mac Léinn an ÚAO), nó idirnáisiúnta (e.g., Innéacs Scopus, sonraí AE, ranguithe idirnáisiúnta, nó duaiseanna idirnáisiúnta). Níl ach na sonraí sin lena léirítear na *tairbhí* nó na *héifeachtaí* a eascraíonn as tionscnaimh thionscadail nó as aschuir thionscadail oiriúnach chun fianaise a thabhairt ar thorthaí. Ní oiriúnach atá sonraí maidir le scála nó raon feidhme na ngníomhaíochtaí nó maidir leis an líon aschur (féadfar é sin a ghabháil faoi ‘Garspriocanna’).

I gcás nach bhfuil sonraí iomchuí nó sonraí oiriúnacha ann/nach bhfuil siad bailithe cheana féin, ba cheart sásraí nua bailithe sonraí a bhunú agus a úsáid chun an éifeachtacht a mheasúnú agus chun an rath a mheas, mar shampla, suirbhéanna réamhchríochnaithe agus iarchríochnaithe ar rannpháirtithe sa tionscnamh a fhorbairt agus a úsáid.

**Bonnlíne nó tagarmharc**

| Ba cheart an bhonnlíne le haghaidh gach toraidh intomhaiste a chur isteach sa tábla thíos má tá sí ar eolas. Mura bhfuil sí ar eolas go fóill, ba cheart don tionscadal í a shuí a luaithe is féidir chun faireachán a éascú. De rogha air sin, féadfar tagarmharc oiriúnach a lua. Ba cheart cohórt comparáide, tionscadal comparáide, institiúid ardoideachais chomparáide, nó grúpa institiúidí ardoideachais comparáide a shonrú go soiléir sa tagarmharc sin. Ansin, ceanglófar ar thionscadail na figiúirí is cothroime le dáta a thuairisciú le haghaidh méadracht toraidh inchomparáide ón tagarmharc roghnaithe sa tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn.<br><br>Féach Gluais an Chreata Feidhmíochta Córais 2023–2028 chun na mínithe ar bhonnlíne agus ar thagarmharc faoin gCreat Feidhmíochta Córais a fháil.<br><br>Ba cheart dhá thoradh ar a laghad agus **cúig thoradh ar a mhéad** a lua. | | | |
|---|---|---|---|
| **#** | **Toradh intomhaiste** | **Bonnlíne nó tagarmharc** | **Sásra chun an toradh a thomhas** *(Foinse sonraí, modh agus sceideal bailithe sonraí, modheolaíocht chun an mhéadracht a ríomh)* |
| **1.** | | | |
| **2.** | | | |
| **3.** | | | |
| **4.** | | | |
| **5.** | *Scrios rónna de réir mar is gá.* | | |

## 8. Nithe a foghlaimíodh agus scaipeadh

| Tabhair faisnéis faoin dóigh a ndéanfar na nithe a foghlaimíodh, na cleachtais, nó na haschuir ón tionscadal a chomhroinnt agus a scaipeadh ar an gcóras ardoideachais agus taighde agus ar aon gheallsealbhóirí iomchuí eile.<br><br>Uasteorainn leis an líon focal: 200 |
|---|
| [Líon focal: ] |

## 9. Buiséad le haghaidh Chistiú Feidhmíochta 202X

Léigh an Sceideal Cistiúcháin chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi Chostais Incháilithe agus faoi Chatagóirí Costais sula gcomhlánóidh tú an tábla seo. Scrios colúin Tionscadail de réir mar is gá.

| Catagóir Costais | Tionscadal 1 | Tionscadal 2 | Tionscadal 3 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| Bainistíocht agus formhaoirseacht tionscadail | | | | |
| Gnóthaí acadúla, teagasc, oiliúint, agus gníomhaíochtaí rannpháirtithe | | | | |
| Seirbhísí cúnta do mhic léinn/rannpháirtithe, agus tacaíochtaí rochtana | | | | |
| Taighde | | | | |
| Cumarsáid | | | | |
| Costais sainchóras digiteach agus TF | | | | |
| Seirbhísí corparáideacha eile | | | | |
| Trealamh beag agus mionfheistiú | | | | |
| **Iomlán** | | | | |

## 10. Sínithe údaraithe

Le síniú ag an duine atá freagrach as formhaoirseacht a dhéanamh ar an tionscadal cistiúcháin feidhmíochta/na tionscadail cistiúcháin feidhmíochta thuas. Is féidir nach ionann an duine sin agus an príomhtheagmhálaí atá luaite thuas.

| Plean tionscadail/pleananna tionscadail agus buiséad a ceadaíodh: | |
|---|---|
| **Ainm** | |
| **Teideal** | |
| **Dáta** | |
| **Síniú** | |
| Modhnuithe ar an tionscadal/na tionscadail agus ar an mbuiséad a ceadaíodh: | |
| **Ainm** | |
| **Teideal** | |
| **Dáta** | |
| **Síniú** | |

SAMPLA

**Aguisín 2 – Teimpléad Samplach le haghaidh na Tuarascála ar Dhul Chun Cinn agus ar Chaiteachas**

# [Institiúid Ardoideachais]

## Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn agus ar Chaiteachas

**Ainm an phríomhtheagmhálaí:**

**Teideal an phoist:**

**Seoladh ríomhphoist:**

| | |
|---|---|
| **Tréimhse tuairiscithe:** | |
| **An í an 1ú tuarascáil eatramhach, an 2ú tuarascáil eatramhach nó an tuarascáil deiridh í?** | Roghnaigh mír. |
| **Dáta an chur isteach:** | |

SAMPLA

## Tionscadal [Uimh.]

### 1. Mionsonraí an tionscadail

**Teideal an tionscadail:**

**Cuspóir foriomlán:**

**Buiséad iomlán: €**

**Dáta tosaithe an tionscadail:**

**Dáta deiridh an tionscadail:**

## 2. Dul chun cinn ar an tionscadal

| |
|---|
| Tabhair an t-eolas is deireanaí ar an dul chun cinn carnach go dtí seo. Ba cheart faisnéis faoi na nithe seo a leanas a áireamh san eolas is deireanaí sin:<br>• an dul chun cinn i dtreo an cuspóir foriomlán a bhaint amach, agus tagairt á déanamh do phríomhéachtaí agus do bhunspriocanna inghnóthaithe (lena n-áirítear garspriocanna), agus d'aon dúshláin nó d'aon deiseanna.<br>• bainistiú an chur i gcrích tionscadail, lena n-áirítear earcaíocht agus aon chomhpháirtíochtaí.<br>Uasteorainn leis an líon focal: 600 |
| [Líon focal: ] |

## 3. Garspriocanna

Nuashonraigh stádas gach garsprice. I gcás nach bhfuil garsprioc curtha i gcrích go hiomlán faoin ráithe ina bhfuil sí dlite, ba cheart í a thaifeadadh mar gharsprioc nach bhfuil ar an mbóthar ceart.

| Uimh. | Garsprioc | An ráithe ina bhfuil sí dlite (B/R) | Stádas *Roghnaigh ón liosta anuas.* |
|---|---|---|---|
| 1. | | | Roghnaigh mír. |
| 2. | | | Roghnaigh mír. |
| 3. | | | Roghnaigh mír. |
| *n* | | | Roghnaigh mír. |

| |
|---|
| Más rud é nach bhfuil an dul chun cinn ar aon gharsprioc ar an mbóthar ceart, tabhair míniú agus an t-eolas is deireanaí sa bhosca thíos ar na bearta a rinneadh nó ar an ngníomh beartaithe chun a chinntiú go mbeidh an tionscadal ar an mbóthar ceart arís an bhliain seo chugainn. Ba cheart a áireamh leis sin measúnú ar aon rioscaí a eascraíonn as moilleanna ar na garspriocanna sin maidir le garspriocanna amach anseo a bhaint amach.<br>Uasteorainn leis an líon focal: 300 |
| [Líon focal: ] |

DIA

## 4. Rioscaí

Sna rónna bána thíos, tabhair an t-eolas is deireanaí ar gach riosca tionscadail de réir mar is iomchuí, lena n-áirítear faisnéis faoi aon bhearta maolaithe nó freagartha a rinneadh, nó aon athruithe ar an aicmiú riosca. Más rud é gur sainaithníodh rioscaí breise, cuir rónna leis de réir mar is gá.

| # | Tuairisc ar an riosca | Aicmiú Riosca |
|---|---|---|
| **1.** | | Roghnaigh mír. |
| | | |
| **2.** | | Roghnaigh mír. |
| | | |
| ***n.*** | *Cuir rónna leis de réir mar is gá le haghaidh rioscaí nua a sainaithníodh.* | Roghnaigh mír. |
| | | |

## 5. Torthaí

Tabhair toradh cainníochtaithe i ndáil le gach toradh sa cholún deiridh den tábla thíos trí úsáid a bhaint as na sonraí is déanaí atá ar fáil. I gcás nach bhfuil toradh ar fáil don tuarascáil seo, scríobh *'Níl fáil air'* agus cuir míniú isteach sa bhosca thíos.

| # | Torthaí intomhaiste | Bonnlíne agus/nó tagarmharc | Toradh cainníochtaithe |
|---|---|---|---|
| **1.** | | | |
| **2.** | | | |
| **3.** | | | |
| **4.** | | | |
| **5.** | | | |

Más rud é gur scríobhadh *'Níl fáil air'* le haghaidh aon cheann de na torthaí sa tábla thuas, tabhair míniú sa bhosca thíos. Ba cheart an t-eolas is deireanaí ar shásraí chun torthaí a thomhas a bheith ar áireamh ansin, amhail próisis bailithe sonraí nó modheolaíochtaí chun sonraí a anailísiú chun torthaí cainníochtaithe a tháirgeadh.

Uasteorainn leis an líon focal: 150

[Líon focal: ]

## 6. Meastóireacht agus nithe a foghlaimíodh

Tabhair:

- meastóireacht ar éifeachtacht an chur chuige/na modheolaíochta le haghaidh thionscnamh/thionscnaimh an tionscadail, agus tagairt á déanamh do na torthaí thuas.
- faisnéis faoi na príomhnithe a foghlaimíodh agus na príomhléargais a d'eascair as forbairt, cur chun feidhme agus torthaí thionscnamh/thionscnaimh an tionscadail.
- tuairim ar aon athrú ar chur chuige nó modheolaíocht thionscnamh/thionscnaimh nó idirghabháil/idirghabhálacha an tionscadail, arb athrú é atá bunaithe ar nithe a foghlaimíodh nó ar léargais, nó atá mar fhreagairt do riachtanais nó deiseanna atá ag teacht chun cinn.

Uasteorainn leis an líon focal: 500

[Líon focal: ]

## 7. Scaipeadh

Tabhair faisnéis faoi na nithe seo a leanas:

- aon fhor-rochtain, aon chumarsáid, nó aon scaipeadh a rinneadh ar na nithe a foghlaimíodh ón tionscadal leis an gcóras ardoideachais agus taighde nó le geallsealbhóirí iomchuí eile.
- aon aschuir inroinnte nó inscálaithe a tháirgeann an tionscadal seo. Cuir isteach naisc chuig leathanaigh Ghréasáin iomchuí, chuig acmhainní digiteacha iomchuí, nó chuig foilseacháin oscailte iomchuí, más ann dóibh.

Uasteorainn leis an líon focal: 300

[Líon focal: ]

## 8. Modhnuithe

<table>
<tr><td colspan="2">Tá gá le modhnuithe i gcás go bhfuil athruithe suntasacha ann ar na pleananna tionscadail ceadaithe nó ar na buiséid cheadaithe:<br>o Tuigtear gurb é is athrú suntasach ar bhuiséad tionscadail ann ná difríocht +/- 10 faoin gcéad in aon chatagóir costais.<br>o Áirítear le hathrú suntasach ar an bplean tionscadail toradh a chur leis, a athrú nó a bhaint, athrú ar phleananna earcaíochta foirne nó mac léinn, nó moill trí mhí nó níos mó ar phríomh-gharspriocanna.</td></tr>
<tr><td>I bhfianaise dhul chun cinn an tionscadail go dtí seo mar atá tuairiscithe istigh anseo, agus an tionchar a bheidh ag aon mhoilleanna ar riosca agus ar chaiteachas á chur san áireamh, cuir in iúl sna ticbhoscaí in aice láimhe an bhfuil gá le haon mhodhnuithe suntasacha ar an bplean tionscadail seo nó ar an mbuiséad seo.</td><td>Tá ☐<br><br>Níl ☐</td></tr>
<tr><td colspan="2">Má tá, bain úsáid as an spás seo chun breac-chuntas a thabhairt ar aon mhodhnuithe atá beartaithe agus tabhair réasúnaíocht tacaíochta is bun leis na hathruithe sin agus tabhair measúnú ar impleachtaí na n-athruithe sin. Déanfaidh an ÚAO athbhreithniú ar an bhfaisnéis a cuireadh isteach chun cinneadh a dhéanamh. Mura bhfuil, scríobh ‘n/b’.</td></tr>
<tr><td colspan="2"></td></tr>
</table>

SAMPLE

## 9. Tuarascáil ar chaiteachas

| Catagóir Costais | Tionscadal 1 € | | | Tionscadal 2 € | | | Tionscadal 3 € | | | Iomlán € | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Buiséad | Caiteachas | Iarmhéid | Buiséad | Caiteachas | Iarmhéid | Buiséad | Caiteachas | Iarmhéid | Buiséad | Caiteachas | Iarmhéid |
| Bainistíocht agus formhaoirseacht tionscadail | yyy4yyy | | | | | | | | | | | |
| Gnóthaí acadúla, teagasc, oiliúint, agus gníomhaíochtaí rannpháirtithe | | | | | | | | | | | | |
| Seirbhísí cúnta do mhic léinn/rannpháirtithe, agus tacaíochtaí rochtana | | | | | | | | | | | | |
| Taighde | | | | | | | | | | | | |
| Cumarsáid | | | | | | | | | | | | |
| Costais sainchóras digiteach agus TF | | | | | | | | | | | | |
| Seirbhísí corparáideacha eile | | | | | | | | | | | | |
| Trealamh beag agus mionfheistiú | | | | | | | | | | | | |
| **Iomlán** | | | | | | | | | | | | |

SAMPLE

## 10. Sínithe údaraithe

Le síniú ag an duine atá freagrach as formhaoirseacht a dhéanamh ar an tionscadal cistiúcháin feidhmíochta/na tionscadail cistiúcháin feidhmíochta thuas. Is féidir nach ionann an duine sin agus an príomhtheagmhálaí atá luaite thuas.

| Thar ceann [**cuir ainm na hinstitiúide ardoideachais isteach**], dearbhaím go bhfuil na mionsonraí atá tugtha sa tuarascáil seo fíor agus ceart. | |
|---|---|
| **Ainm** | |
| **Ról** | |
| **Síniú** | |
| **Dáta** | |

SAMPLA